POLASAÍ OBAIR BHAILE

Meánscoil lánghaelach, idirchreidmheach is ea Meánscoil Gharman. Tá ethos na scoile bunaithe ar luachanna a spreagfaidh agus a neartóidh an ghaeilge i measc comhluadar na scoile. Tá an ethos Críostúil, cairdiúil, aireach, tacúil, measúil, spreagúil, fáilteach, cuidiúil agus tuisceanach agus iarrann sé ar phobal na scoile a bheith rannpháirteach i saol cultúrtha, sóisialta agus acadúil na scoile trí mheán na gaeilge.

1 .Glactar leis go bhfuil obair bhaile lárnach i bhforbairt foghlama an dalta agus go bhfuil gá tacú le hobair ranga trí chleachtadh foghlama a dhéanamh sa bhaile.

2. Aithnítear go bhfuil gá le cothromaíocht i saol an dalta idir obair scoile, aclaíocht, caithimh aimsire agus am saol.

3.Bíonn riachtanais dhifriúla ag na hábhair éagsúla maidir leis an méid obair bhaile a fhaightear gach seachtain agus gach lá. Chomh fada agus is féidir é, déanfaidh múinteoirí iarracht a chinntiú nach bhfuil an iomarca obair bhaile ag na daltaí ar aon oíche faoi leith.

4. Tuigtear go gclúdaíonn obair bhaile: scríobh; foghlaim; ceachtanna; dul siar; léamh; ullmhúchán; staidéar; taighde .

5.Ba cheart go scríobhfadh na daltaí gach obair bhaile sa dialann ag deireadh gach ranga.Tá sé mar fhreagracht ar an dalta é sin a dhéanamh

6.Ceartófar gach obair bhaile a thugtar agus tabharfar aiseolas scríofa (agus ó bhéal más cuí) do na daltaí.

7. Coimeádfar taifead den obair bhaile a thugtar agus atá déanta.

8.Mura gcríochnaítear an obair bhaile go sásúil cuirfear nóta le dáta air sa dialann ag tagairt dó sin agus úsáidtear an cód iompair más cuí.

9. Má bhíonn dalta as láthair ó rang nó ón scoil caithfidh an dalta féin an t-eolas a fháil faoin obair a chaill sé/sí agus é a dhéanamh roimh theacht ar ais ar scoil nó a luaithe agus is féidir.

10.Mura bhfuil an dalta ábalta an obair bhaile a dhéanamh nó a chríochnú ní mór do na tuismitheoirí nóta ag míniú seo a scríobh sa dialann agus beidh an obair críochnaithe don chéad rang eile.

11. Caithfidh gach dalta ord agus eagar a choimeád ar a d(h)ialann. Síneoidh na tuismitheoirí an dialann gach seachtain.

12. Beidh eolas ar fáil ag na daltaí go rialta faoi scileanna staidéir.

MEÁNSCOIL GHARMAN / HOMEWORK POLICY

Meanscoil Gharman is an all-Irish, Inter-denominational secondary school. The school's ethos is founded on values that seek to strengthen and inspire the Irish language through the school community. The ethos is Christian, friendly, caring, supportive, respectful, encouraging, welcoming, helpful and understanding and it asks the members of the school community to participate fully in the cultural, social and academic life of the school through the medium of Irish.

1. It is accepted that homework is central to the academic development of the student and that there is a need to support classroom work through learning practice at home.

2. It is acknowledged that there is a need for balance in the life of the student between schoolwork, homework, exercise, hobbies and free time...

3. Each subject has different requirements in relation to the amount of homework received each week and each day. In so far as it is possible teachers will ensure that students do not receive too much homework on any one day.

4. It is understood that homework consists of: writing, exercises, revision, reading, preparation, study, research.

5. The homework for each subject should be recorded in the journals at the end of each lesson and it is the responsibility of each student to ensure that his/her homework is accurately recorded after each class.

6. All homework will be corrected. Written feedback (and if necessary oral feedback) will be given to the students.

7. A record of all homework given and completed will be kept.

8. If homework has not been satisfactorily completed a dated note will be made in the student's journal and the code of conduct will be used as appropriate.

9. If a student is unable to complete his/her homework, a note to this effect, signed by a parent/guardian, should be written in the journal and is to be completed for the next class.

10. In the event of a student being absent from school or an individual class it is the students responsibility to find out what work was missed and complete it as soon as possible, preferably before returning to school.

11. Students must ensure that their journals are kept neatly and orderly. Parents will sign the dialann each week.

12. Information on study skills will be provided for students regularly.